TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2006

ANNUAL REPORT
2006

TABLE OF CONTENTS

Report of the Chairperson of the Dormant Accounts Board to the Minister for Community Rural and Gaeltacht Affairs as required by the Dormant Accounts (Amendment) Act 2005 and the Code of Practice for the Governance of State Bodies, for the period 4 January – 31 December 2006

Introduction

Overview of 2006

Main Activities of 2006

Appendix A : - Board Expenditure 2006

Appendix B : - The Dormant Accounts Board
Board Attendance
Board Audit Committee

Appendix C : - List of Service Providers

Appendix D : - Chairperson's Affirmations

Appendix E : - Chairperson's Statement on the System of Internal Financial Control

Report of the Chairperson of the Dormant Accounts Board to the Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs as required by the Dormant Accounts (Amendment) Act 2005 and the Code of Practice for the Governance of State Bodies

For the period 4 January– 31 December 2006

Introduction:

This report has been prepared in accordance with Section 10 of the Code of Practice for the Governance of State Bodies. The Dormant Accounts Board is a non-commercial State Board and the format and content of this report has been adapted to reflect that situation. The Board has no executive functions and is purely a policy setting and monitoring entity. In addition, the Dormant Accounts (Amendment) Act 2005, sets out a requirement for the Board, not later than the 30th June each year, to report on the performance of its functions during the previous financial year and include in the report:

(a) details of the costs and expenses incurred by the Board in performing its functions under this Act,
(b) details of the results of reviews and assessments under section 31(1)(b) and
(c) any other information that the Minister may specify

As this is the first Report of the Dormant Accounts Board covering the period from the establishment of the Board on 4th January 2006 to 31st December 2006, this report reviews the activities of the Board since its inception, progress made in the implementation of legislative obligations and functions and an account of financial activities. As well as the statutory reporting requirements met though Appendix A, details of Board membership, attendance at Board meetings and sub-committees are set out in Appendix B. A list of service providers is set out in Appendix C. Chairperson's affirmations are set out in Appendix D and Chairperson's Statement on the System of Internal Financial Control is set out in Appendix E.

The Board, and I as Chairman, are greatly appreciative of the assistance provided by the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs and the work undertaken by the Secretariat in supporting the work of the Board in a most efficient and professional manner.

Michael Morley
Chairperson

Overview of 2006

The Board was established on 4th January 2006 following the enactment of the Dormant Accounts (Amendment) Act 2005.

The functions of the Board are set out in section 31(1) of this legislation and are as follows:

(a) to prepare and submit to the Minister, in accordance with Section 42, a plan for the disbursement of moneys under Part 6,

(b) to review and assess from time to time-

  (i) the extent to which the objectives specified in the plan have been achieved

  (ii) the effectiveness of the strategies specified in the plan, and

  (iii) the pattern and effect of disbursements under Part 6, including whether they have resulted in activities that, but for those disbursements, might not have been undertaken.

(c) to make reports to the Minister under section 45(3).

The Dormant Accounts Act, 2001 together with the Unclaimed Life Assurance Policies Act 2003 and the Dormant Accounts (Amendment) Act 2005 provide a framework for the administration of unclaimed accounts in credit institutions (i.e. banks, building societies and An Post) and unclaimed life assurance policies in insurance undertakings. The main purpose of the legislation is to reunite account holders/policy holders with their funds in credit institutions/insurance undertakings and in this regard, institutions/undertakings are required to take steps to identify and contact the owners of dormant accounts and unclaimed life assurance policies.

Dormant funds/unclaimed life assurance policies, which have not been reclaimed by the original account/policy holder or their beneficiaries, are transferred each year by the financial institution/insurance undertaking to the Dormant Accounts Fund (the Fund) which is managed by the National Treasury Management Agency (NTMA). The transfer of monies takes place on the basis that the beneficial owner will have a guaranteed right of reclaim to their property at any time in the future.

The legislation also introduced a scheme for the disbursement of funds that are unlikely to be reclaimed. Initially the Dormant Accounts Fund Disbursements Board was responsible for overseeing the disbursement of these monies from the Fund. Pursuant to the enactment of the Dormant Accounts (Amendment) Act 2005, decisions on disbursements are now the responsibility of Government. The role of the Dormant Accounts Board is to provide independent advice and to act as a critical appraiser in relation to Government decisions. The Dormant Accounts Board also took over responsibility for disbursement decisions made by the former Dormant Accounts Fund Disbursements Board.

The Board's main activities during 2006 were the preparation of the disbursement plan and putting in place the practical arrangements necessary to provide for the implementation of the plan. A considerable amount of work was also undertaken by

the Board to ensure that the necessary corporate governance structures were developed and implemented.

Main Activities of 2006:

1. Managing approvals by former Board

The Board continued the process started by the previous Board of overseeing the disbursement of monies from the Fund. Pobal continued to administer the first round of funding from dormant accounts. The role of the Board is to monitor the disbursements, approve changes to the projects and decommit approvals where projects elect not to proceed or where they do not fully spend the approved amount.

The Board is responsible for issuing the instruction to National Treasury Management Agency to release moneys from the Fund to Pobal in regard to Round 1 funding. .

2. Developing a new Disbursement Plan

The Board developed a new Disbursement Plan which was approved by the Government on 27th July 2006 and now forms the policy for the second round of project applications and approvals

The plan specifies the objectives to be achieved by making disbursements from the account and the strategies for achieving those objectives, and is prepared in a form and manner in accordance with any guidelines and directions that may be issued by the Minister.

Having regard to its statutory remit, the Board decided in the Plan that disbursements from the Fund should concentrate on projects or programmes designed to assist the following three broad categories of persons:

- Those affected by economic and social disadvantage;
- Those affected by educational disadvantage;
- Persons with a disability.

The plan set out that a target of 40% of total annual funding will be allocated to the area of economic and social disadvantage and at least 25% for each of the other two categories of educational disadvantage and persons with a disability.

The Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs, the Department of Education and Science and the Department of Health and Children respectively administer these.

During the lifetime of the Plan, not less than 50% of annual allocations for economic and social disadvantage purposes shall be disbursed within RAPID, CLÁR, and Local Drugs Task Force areas.

The Disbursement Plan was published in December 2006 and 500 copies were distributed. Copies of the report were sent to 63 Citizens Information Centres, 5 County Enterprise Boards, 109 Educational institutions, 3 Financial institutions, 20 Government Departments, 19 Libraries and 6 Local Authorities, 166 Dáil Deputies and 60 Senators. The remaining 49 copies were sent to Pobal. An electronic copy of the Plan is also available on the Department of Community Rural and Gaeltacht's website.

3. Recruiting economic consultants
The Board decided to recruit economic consultants to undertake a review of the first round of approvals made under the previous Board. The recruitment process began in 2006 and culminated in the appointment of Goodbody Economic Consultants in March 2007.

4. Programme of Audits
The Board maintained a programme of audits to ensure compliance with the Board's Plan and proper governance. In particular, the Board's Audit Committee was active and Deloitte & Touche, who provide an internal audit function to the Board, carried out audits as follows:

i) In October 2006 Deloitte & Touche submitted a review of an audit of grant payments processed by Pobal from the Dormant Accounts Fund in the period 1 October 2005 to 30 September 2006.
ii) In October 2006, Deloitte & Touche submitted an update on the monitoring and reporting process carried out by Pobal.

The two audits carried out by Deloitte & Touche produced positive findings and the few areas that merited mention were minor in nature and have been addressed.

During 2006, the Board's Audit Committee reported to the Board on a regular basis in relation to ongoing audit activity. The Chairperson and Board are confident that the systems which have been put in place, while not providing an absolute guarantee against material error, are robust and will ensure monies disbursed from the Fund are expended in accordance with the specific conditions attaching to each disbursement.

4. Corporate Governance and Board Administration
In accordance with the requirements set out in the Code of Practice for the Governance of State Bodies, the Board has approved and adopted a Code of Business Conduct specific to its particular needs. The code sets out a best practice model of corporate governance structures for the Board, including fulfilment of legal, accountability, and other formal management requirements in legislation.

The Board is supported by a small secretariat comprising one member of staff from the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs. An external adviser (Mr. David Lovegrove, former Secretary to Forfás) was engaged by the Board in February 2006 to support the Board in its work. His role includes advising the Board in relation to the preparation and implementation of the Disbursement Plan and implementation of appropriate governance structures for the Board and Secretariat. The functions of the Secretariat to date have included:

- provision of an effective secretariat to Board meetings;
- assisting the Board in the preparation of the Disbursement Plan;

:

Appendix A

Board Expenditure in 2006

1. Board Fees (including PAYE)
Board fees sub total €75,110

2. Board expenses:
Board expenses (travel and subsistence) sub total: €4,836.46

3. Board Costs:

Consultancy Fees – Lovegrove & Associates	Fees: €18,926.82, + VAT: €5031.18 Total: €23,958.00
Translation fees	€2,232.93
Deloitte & Touche –internal audit costs	€12,100
Board meeting costs - catering	€997.80
Insurance costs	€18,500
Printing, Design Annual Report	€8,717
Advertising	€9,916
Legal costs	€1,536.56

Total Board Costs: €77,958.67

Board Fees:	€75,110.00
Board expenses	€ 4,836.46
Board costs	€ 77,958.67
Overall total	€157,905.13

Appendix B

Board Members of the Dormant Accounts Board 2006

Minister Eamon Ó'Cuiv,TD, the Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs appointed the following to be Members (10 Board Members and 1 Chairperson) of the Board on the 4th January 2006. Michael Morley (Chairperson), Áine Hyland, Donal O'Siochain, Enda Twomey, Frank Ward, Gerry Ryan, Seamus Thompson, Kate Feely, Rosaleen Glackin, David Martin and Noel McPartland.

Áine Hyland, Donal Ó'Siochain, Enda Twomey and Frank Ward, Gerry Ryan and Séamus Thomposn had been Members of the Dormant Accounts Fund Disbursements Board. Gerry Ryan and Seamus Thompson had been re-appointed to serve a second term on the former Board, which meant that when their second term expired in June 2006, they were not eligible for re-appointment.

Michael Morley was appointed Chairperson in January 2006 for a period of 5 years. Kate Feely, Rosaleen Glackin, David Martin and Noel McPartland, were appointed as Board members in January 2006 for a period of three years. Marian Hackett was appointed by Minister Ó'Cuiv in October 2006 for a period of 3years.

List of Board Members
Michael Morley - Chairperson
Kate Feely
Rosaleen Glackin
Marian Hackett (from October 2006)
Áine Hyland
David Martin
Noel McPartland
Donal O'Siochain (term expired June 2006)
Gerry Ryan (term expired June 2006)
Seamus Thompson
Enda Twomey
Frank Ward

Record of Board Attendance in 2006:

There were 10 Board meetings in 2006. The attendance record of the Board Members is as follows:

	No. of meetings attended (No. eligible to attend in brackets)
Michael Morley	10 (10)
Kate Feely	9 (10)
Rosaleen Glackin	6 (10)
Marian Hackett	2 (2)
Áine Hyland	7 (10)
David Martin	7 (10)
Noel McPartland	5 (10)
Donal O'Siochain	6 (10)
Gerry Ryan	4 (5)
Seamus Thompson	2 (5)
Enda Twomey	9 (10)
Frank Ward	7 (10)

One of the meetings did not have a quorum. This meeting took place on the 31st August 2006. The Members present discussed the fact that there was not a quorum as defined in the legislation. However, it was agreed that the meeting should proceed and the decisions made at the meeting were ratified at the next full meeting of the Board at which there was a quorum.

Composition of Audit Committee and Record of Attendance in 2006:

The Audit Committee provides an independent review and advisory function in co-operation with the Board regarding the adequacy and effectiveness of controls and systems and their operation. This Committee met twice in 2006.

	No. of meetings attended (No. eligible to attend in brackets)
Mr. David Martin (Chairperson)	2(2)
Mr Donal O'Siochain	1(2)
Mr. Seamus Thompson	0(0)
Mr. Frank Ward	1(2)

Appendix C

List of Service Providers in 2006

Transfer/Delegations from the Dormant Accounts Disbursement Board to the Dormant Accounts Board

Section 14 of the Dormant Accounts (Amendment) Act 2005 provides for the preservation of contracts made between the former Board (Dormant Accounts Disbursement Board) and groups/organisations/companies. In this regard, the following service providers were noted by the Board as having a contract with the Board.

- **Legal Advisors**

The former Board appointed Kennedy McGonigle Ballagh Solicitors as legal advisors and received Ministerial approval for the appointment. Kennedy McGonigle Ballagh Solicitors continue under contract with the Dormant Accounts Board.

- **Internal Auditors**

Following a tender process in 2003, the former Board approved the appointment of Deloitte and Touche, Chartered Accountants to provide an internal audit function for the Board and Ministerial approval was obtained for this appointment. Deloitte & Touche continue under contract with the Dormant Accounts Board.

The contract is subject to annual reviews with the option of dispensing with the services of Deloitte and Touche by giving one month's notice in writing.

- **Insurance**

Marsh Ireland Ltd. (insurance brokers) was retained for the management of the Board's insurances. Marsh Ireland Ltd. was retained following a tender process in 2003. Ministerial approval was received for this appointment and Marsh Ireland Ltd. continued to provide this service for the Board

---

In addition to the above service providers, which were originally retained by the previous Board, the Board retained the services of the following during 2006:

- **Advisor to the Board**

In February 2006 the Board approved the appointment of a suitably qualified person/provider to provide an advisory service to the Board in order to assist it in carrying out its statutory functions. Following a tender process, David Lovegrove of Lovegrove & Associates was awarded the contract for provision of advisory services to the Board. Ministerial approval was received for this appointment.

- **Board Identity**

Red Dog Design Consultants were engaged in 2006 to customise the Board logo and letterhead.

- **Printing**

In 2006 Fodhla Printing was engaged by the Board to design and print the 2005 Annual Report of the Dormant Accounts Fund Disbursement Board and to design and print the Disbursement Plan of the Dormant Accounts Board.

- **Advertisement**

In August 2006, Brindley Advertising Limited was engaged by the Board to place an advertisement in 4 national papers. This advertisement requested expressions of interest from companies to undertake reviews and assessments for the Dormant Accounts Board.

Appendix D

Chairperson's Affirmations:

1. I affirm that the appropriate procedures for financial reporting, internal audit and procurement have been put in place. The Board has established an Audit Committee, comprising of three Board Members, with a Terms of Reference approved by the Board. The Audit Committee meets regularly and has adopted a programme of audits, which is being implemented by the internal auditors.

   I attach a statement (Appendix E) on the Board's system of internal financial control in the format as set out in Appendix E of the Code of Practice for the Governance of State Bodies.

2. I affirm that during the period covered by this report the Board did not establish any subsidiaries or joint ventures or acquire any shares or undertake any such activities

3. I affirm that during the period covered by this report the Board did not acquire any assets of a commercial nature and that the Board did not dispose of any assets.

4. I affirm that the Code of Business Conduct developed and adopted by the Board has been adhered to.

5. I confirm that the Government guidelines on the payment of fees to Members of State Boards are being complied with. In this regard, the payment of fees to Members of the Board is in accordance with the sanction received from the Minister for Finance.

6. Apart from the appraisal of recommendations from Pobal for reallocations or decommitals to existing approvals, I confirm that the Board did not engage in the appraisal or management of any capital expenditure proposals during the period covered by this report for its own part.

7. I confirm that the Board has complied with its obligations under the tax laws.

8. I confirm that the Code of Practice for the Governance of State Bodies has been adopted by the Board and is being fully complied with as appropriate to a non-commercial State Board.

_____
Michael Morley
Chairperson
29 June 2007

Appendix E

Chairperson's Statement on the System of Internal Financial Control

The Chairperson of the Dormant Accounts Board is responsible for ensuring that the Board's system of internal financial control operates to the highest professional standards. An Audit Committee, which is responsible for overseeing the internal audit function of the Board, has been established comprising three members of the Board. The functions, duties and terms of reference of the Audit Committee have been approved by the Board.

The Board does not have the administrative resources to directly operate the internal audit function and therefore retained external expertise to undertake this role on its behalf. Deloitte & Touche were appointed as internal auditors to the previous Board and have been retained by the current Board. The internal auditors report directly to the Audit Committee through the Chairperson of that Committee.

Deloitte have prepared a Strategic Internal Audit Plan specifying the planned audit activity to be carried out. This Plan was reviewed and approved by the Audit Committee. During 2006, Deloitte continued implementing the plan. However, due to the diminished responsibilities of the Board, the extent of the audit programme has been reduced.
In carrying out its work, the internal auditors include testing of specific areas covered by the Audit Committee's charter to ensure the Board is complying with all requirements. The internal auditors have also reviewed the systems in place in Pobal in relation to their role in the administration of the funding programme.

Given the mandate of the Board, as set out in legislation, which relates to policy setting and monitoring, without any executive functions, the likelihood of financial mis-management is minimal. The Board has adopted the procurement procedures of the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs. In addition, all payments relating to the Board's activities are processed by the Departments Accounting Section and have to comply with all Departmental procedures.

During 2006, the Audit Committee reported to the Board on a regular basis in relation to ongoing audit activity. The Chairperson and the Board are confident that the systems which have been put in place, while not providing an absolute guarantee against material error, are robust and will ensure monies disbursed from the Fund are expended in accordance with the specific conditions attaching to each disbursement.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2006

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2006

CLÁR

Tuarascáil Chathaoirleach an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine chuig an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta de réir mar a cheanglaítear faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 agus faoin gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit don tréimhse 4 Eanáir – 31 Nollaig 2006.

Réamhrá

Forléargas ar 2006

Príomhghníomhaíochtaí na bliana 2006

Aguisín A: - Caiteachas an Bhoird 2006

Aguisín B: - An Bord um Chuntais Dhíomhaoine
Tinreamh ag Cruinnithe Boird
Coiste Iniúchta an Bhoird

Aguisín C: - Liosta de Sholáthraithe Seirbhíse

Aguisín D: - Dearbhuithe an Chathaoirligh

Aguisín E: - Ráiteas an Chathaoirligh maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tuarascáil Chathaoirleach an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine chuig an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta de réir mar a cheanglaítear faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 agus faoin gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

Don tréimhse 4 Eanáir – 31 Nollaig 2006

Réamhrá:

Ullmhaíodh an tuarascáil seo de réir Alt 10 den Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Is Bord Stáit neamhthráchtála é an Bord um Chuntais Dhíomhaoine agus tá leagan amach agus ábhar na tuarascála seo curtha in oiriúint chun an seasamh sin a léiriú. Níl feidhmeanna feidhmiúcháin ar bith ag an mBord agus is aonán é chun polasaithe a leagan amach agus chun monatóireacht a dhéanamh ar pholasaithe, agus sin amháin. Ina theannta sin ceanglaíonn An tAcht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 ar an mBord, ag tráth nach déanaí ná an 30ú Meitheamh gach bliain, tuairisc a thabhairt ar fheidhmiú a fheidhmeanna le linn na bliana airgeadais roimhe sin agus a áireamh sa tuarascáil:

(d) sonraí faoi na costais agus na speansais a thabhaigh an Bord i bhfeidhmiú a fheidhmeanna faoin Acht seo,
(e) sonraí faoi thorthaí athbhreithnithe agus measúnuithe faoi alt 31(1)(b) agus
(f) aon fhaisnéis eile a shonródh an tAire

Ós rud é gurb í seo an chéad Tuarascáil de chuid an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine don tréimhse ó bunaíodh an Bord ar an 4ú Eanáir 2006 go dtí an 31ú Nollaig 2006 déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí an Bhoird óna bhunú, ar an dul chun cinn atá déanta maidir le forfheidhmiú a dhualgas agus a fheidhmeanna reachtúla agus tugtar cuntas ar ghníomhaíochtaí airgeadais. I dteannta na gceanglas reachtúil a bhaineann le tuairisciú a chomhlíontar in Aguisín A, leagtar amach sonraí faoi chomhaltaí an Bhoird, faoi thinreamh ag cruinnithe agus ag fochoistí an Bhoird in Aguisín B. Leagtar amach liosta de sholáthróirí seirbhíse in Aguisín C. Leagtar amach dearbhuithe an Chathaoirligh in Aguisín D agus leagtar amach Ráiteas an Chathaoirligh maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais in Aguisín E.

Tá an Bord, agus mise mar Chathaoirleach, an-bhuíoch as an gcabhair a tháinig ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus as an obair a rinne an Rúnaireacht go héifeachtach gairmiúil chun tacú le hobair an Bhoird.

Michael Morley
Cathaoirleach

Forléargas ar 2006

Bunaíodh an Bord ar an 4ú Eanáir 2006 tar éis achtachán an Achta Um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005.

Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in alt 31(1) den reachtaíocht seo agus is mar seo a leanas atá siad:

(d) plean eisíocaíochta airgid faoi Chuid 6, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire, de réir Alt 42,

(e) athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ó am go ham-
  (i) ar a mhéid is a comhlíonadh na cuspóirí atá sonraithe sa phlean
  (ii) ar éifeachtacht na straitéisí atá sonraithe sa Phlean, agus
  (iii) ar phatrún agus ar thionchar na n-eisíocaíochtaí faoi Chuid 6, lena n-áirítear a fháil amach ar tharla gníomhaíochtaí nach mbeadh tarlaithe d'uireasa na n-eisíocaíochtaí sin.

(f) tuarascálacha a chur faoi bhráid an Aire faoi alt 45(3).

Soláthraíonn an tAcht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, chomh maith leis an Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003 agus an tAcht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 creat chun na cuntais neamhéilithe in institiúidí creidmheasa (mar shampla bainc, cumainn foirgníochta agus An Post) agus na polasaithe árachais saoil neamhéilithe i ngnóthais árachais a riar. Is é príomhchuspóir na reachtaíochta sealbhóirí cuntas/polasaí a athcheangal lena gcistí in institiúidí creidmheasa/i ngnóthais árachais agus, maidir leis sin, ceanglaítear ar institiúidí/ar ghnóthais céimeanna a ghlacadh chun úinéirí cuntas díomhaoin agus polasaithe árachais saoil neamhéilithe a aithint agus teagmháil a dhéanamh leo.

Aistríonn na hinstitiúidí airgeadais/na gnóthais árachais cuntais dhíomhaoine/polasaithe árachais saoil neamhéilithe, nach bhfuil athéilithe ag an sealbhóir bunaidh cuntais/polasaí nó ag a dtairbhithe, gach bliain chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin (an Ciste) arna bhainistiú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Déantar an t-aistriú airgid ar an mbonn go mbeidh ceart ráthaithe athéilimh ar a mhaoin/ar a maoin ag an úinéir tairbhiúil ag aon tráth sa todhchaí.

Tugadh isteach scéim le haghaidh eisíoc cistí nach móide go n-athéileofar iad, faoin reachtaíocht chomh maith. Ba é Bord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin a bhí freagrach i dtús báire as maoirseacht a dhéanamh ar eisíoc an airgid sin as an gCiste. Is é an Rialtas atá freagrach i láthair na huaire as cinntí maidir le heisíocaíochtaí de bhun achtú an Achta Um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005. Is é ról an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine comhairle neamhspleách a thabhairt agus gníomhú mar bhreathmheastóir criticiúil maidir le cinntí an Rialtais. Ghlac an Bord um Chuntais Dhíomhaoine freagracht air féin chomh maith maidir leis na cinntí eisíocaíochta a rinne iarBhord Eisíocaíochta Chiste na gCuntas Díomhaoin.

Ba iad ullmhú an phlean eisíocaíochta agus na socruithe praiticiúla ba ghá a chur i bhfeidhm i gcomhair fhorfheidhmiú an phlean príomhghníomhaíochtaí an Bhoird i rith na bliana 2006. Rinne an Bord obair shuntasach freisin chun a chinntiú gur

forbraíodh na struchtúir riachtanacha rialachais chorparáidigh agus gur cuireadh i bhfeidhm iad.

Príomhghníomhaíochtaí sa bhliain 2006:

1. Ceaduithe an iarBhoird a bhainistiú
Lean an Bord de bheith ag déanamh maoirseachta ar eisíocaíocht airgid as an gCiste, próiseas a thosaigh an t-iarBhord. Lean Pobal ag riar an chéad bhabhta maoinithe as cuntais dhíomhaoine. Is é ról an Bhoird monatóireacht a dhéanamh ar eisíocaíochtaí, athruithe ar na tionscadail a fhaomhadh agus ceaduithe a chur as feidhm i gcás go roghnaíonn tionscadail gan leanúint ar aghaidh nó i gcás nach gcaitheann siad iomlán na suime a faomhadh.

Tá an Bord freagrach as an treoir a eisiúint ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun airgead as an gCiste a scaoileadh amach ar Pobal maidir le maoiniú Bhabhta 1.

2. Plean nua Eisíocaíochta a Fhorbairt
D'fhorbair an Bord Plean nua Eisíocaíochta a d'fhaomh an Rialtas ar an 27ú Iúil 2006 agus tá sé in úsáid anois mar pholasaí don dara babhta d'iarratais agus de cheaduithe tionscadail.

Sonraítear sa phlean na cuspóirí a bheidh le baint amach trí eisíocaíochtaí a dhéanamh as an gcuntas agus na straitéisí chun na cuspóirí sin a bhaint amach agus tá an plean ullmhaithe i bhfoirm agus i mbealach a ghabhann de réir treoirlínte agus treoracha ar bith a d'fhéadfadh an tAire a eisiúint.

Chinn an Bord sa Phlean, ag féachaint dá shainchúram reachtúil, gur cheart eisíocaíochtaí as an gCiste a dhíriú ar thionscadail nó ar chláir atá saincheaptha chun cabhrú le haon cheann de na trí chatagóir leathana seo a leanas de dhaoine:

- Iad siúd a bhíonn faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta;
- Iad siúd a mbaineann míbhuntáiste oideachais leo;
- Daoine faoi mhíchumas.

Leagadh amach sa phlean go leithdhálfaí sprioc de 40% den mhaoiniú iomlán bliantúil ar an réimse a bhaineann le míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta agus go leithdhálfaí 25% ar a laghad ar gach ceann den dá chatagóir eile – míbhuntáiste oideachais agus daoine faoi mhíchumas.

Déanann an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Sláinte agus Leanaí, faoi seach, iad sin a riar.

Le linn shaolré an Phlean, eisíocfar suim nach lú ná 50% de na leithdháiltí bliantúla i gcomhair míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta ar limistéir RAPID, CLÁR agus an Tascfhórsa Áitiúil Ar Dhrugaí.

Foilsíodh an Plean Eisíocaíochta i mí na Nollag 2006 agus scaipeadh 500 cóip.
Seoladh cóipeanna den tuarascáil chuig 63 Ionad Eolais do Shaoránaigh, 5 Bord Fiontair Contae, 109 Foras Oideachais, 3 Foras airgeadais, 20 Roinn Rialtais, 19 Leabharlann agus 6 Údarás Áitiúil, 166 Teachta Dála agus 60 Seanadóir. Seoladh an 49 cóip a bhí fágtha chuig Pobal. Tá cóip leictreonach den Phlean ar fáil

chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

3. Comhairleoirí eacnamaíocha á n-earcú

Chinn an Bord comhairleoirí eacnamaíocha a earcú chun tabhairt faoi athbhreithniú ar an gcéad bhabhta de cheaduithe a glacadh faoin iarBhord. Thosaigh an próiseas earcaíochta sa bhliain 2006 agus ba é an toradh a bhí air gur ceapadh Goodbody Economic Consultants i Márta na bliana 2007.

4. Clár na nIniúchtaí

Lean an Bord clár iniúchtaí chun a chinntiú go rabhthas ag comhlíonadh Plean agus rialachas cuí an Bhoird. Bhí Coiste Iniúchta an Bhoird, ach go háirithe, gníomhach agus chuaigh Deloitte & Touche, a cuireann feidhm iniúchta inmheánaigh ar fáil don Bhord, i mbun na n-iniúchtaí seo a leanas:

i) I nDeireadh Fómhair 2006 chuir Deloitte & Touche isteach athbhreithniú ar iniúchadh a rinneadh ar íocaíochtaí deontas a bhí próiseáilte ag Pobal as Ciste na gCuntas Díomhaoin sa tréimhse 1 Deireadh Fómhair 2005 agus 30 Meán Fómhair 2006.
ii) I nDeireadh Fómhair 2006 chuir Deloitte & Touche isteach tuairisc cothrom le dáta ar an bpróiseas monatóireachta agus tuairiscithe a bhí ar bun ag Pobal.

Torthaí dearfacha a tháinig as an dá iniúchadh a rinne Deloitte & Touche agus ba mhionfhadhbanna a bhain leis an líon beag réimsí a luadh agus táthar tar éis tabhairt fúthu sin.

Thuairiscigh Coiste Iniúchta an Bhoird chuig an mBord go rialta le linn 2006 i ndáil le gníomhaíocht leanúnach iniúchta. Tá an Cathaoirleach agus an Bord dóchasach, cé nach féidir ráthaíocht chinnte a thabhairt i gcoinne earráid ábhartha, go bhfuil na córais atá curtha i bhfeidhm téagartha agus go gcinnteoidh siad go gcaithfear an t-airgead a eisíoctar as an gCiste de réir na sainchoinníollacha a bhaineann le gach eisíocaíocht.

4. Rialachas Corparáideach agus Riaracháin an Bhoird

Tá Cód Iompair Ghnó, a bhaineann go sonrach lena riachtanais féin, aontaithe agus glactha leis ag an mBord agus tá an Cód de réir na gceanglas a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Leagtar amach múnla scothchleachtais de struchtúir rialachais chorparáidigh don Bhord sa chód, lena n-áirítear ceanglais dhlíthiúla, freagrachta agus ceanglais fhoirmiúla bhainistíochta eile atá sa reachtaíocht a chomhlíonadh.

Tugann rúnaireacht bheag ar a bhfuil ball amháin d'fhoireann na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta uirthi tacaíocht don Bhord. Ghlac an Bord le seirbhísí comhairleora sheachtraigh (An tUas. David Lovegrove, iar-Rúnaí Forfás) i bhFeabhra na bliana 2006 chun tacú le hobair an Bhoird. Áirítear lena ról comhairle a chur ar an mBord i ndáil le hullmhú agus le forfheidhmiú an Phlean Eisíocaíochta agus struchtúir chuí rialachais a chur i bhfeidhm don Bhord agus don Rúnaireacht. Áiríodh na feidhmeanna seo a leanas ar obair na Rúnaireachta go dáta:

- rúnaireacht éifeachtach a sholáthar ag cruinnithe an Bhoird;
- cuidiú a thabhairt don Bhord le hullmhú an Phlean Eisíocaíochta;

:

Aguisín A

Caiteachas an Bhoird 2006

1. Táillí an Bhoird (ÍMAT san áireamh):
Fo-iomlán tháillí an Bhoird: €75,110

2. Speansais an Bhoird:
Fo-iomlán speansais an Bhoird (taisteal agus liúntais chothaithe): €4,836.46

3. Costais an Bhoird:

Táillí Comhairliúcháin - Lovegrove & Associates	Táillí: €18,926.82, + CBL: €5031.18 Iomlán: €23,958.00
Táillí Aistriúcháin	€2,232.93
Deloitte & Touche –costais iniúchta inmheánaigh	€12,100
Costais chruinnithe an Bhoird - lónadóireacht	€997.80
Costais árachais	€18,500
Clódóireacht, Dearadh ar Thuarascáil Bhliantúil:	€8,717
Fógraíocht	€9,916
Costais Dhlíthiúla	€1,536.56

Costais Iomlána an Bhoird: €77,958.67

Táillí an Bhoird:	€75,110.00
Speansais an Bhoird	€ 4,836.46
Costais an Bhoird:	€ 77,958.67
Mór-iomlán	€157,905.13

Aguisín B

Comhaltaí Boird an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine 2006

Cheap Éamon Ó Cuív TD, An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta na Comhaltaí seo a leanas (Deichniúr Comhalta agus Cathaoirleach amháin) ar an mBord ar an 4ú Eanáir 2006. Michael Morley (Cathaoirleach), Áine Hyland, Dónal Ó Síocháin, Enda Twomey, Frank Ward, Gerry Ryan, Séamus Thompson, Kate Feely, Rosaleen Glackin, David Martin agus Noel McPartland.

Comhaltaí de Bhord Eisíocaíochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin ab ea iad Áine Hyland, Dónal Ó Síocháin, Enda Twomey agus Frank Ward, Gerry Ryan agus Séamus Thompson. Athcheapadh Gerry Ryan agus Séamus Thompson ar an iarBhord chun a ndara téarma a chur díobh agus chiallaigh sin nach raibh siad i dteideal a bheith athcheaptha nuair a chuaigh a ndara téarma in éag i mí an Mheithimh 2006.

Ceapadh Michael Morley mar Chathaoirleach i mí Eanáir 2006 ar feadh tréimhse 5 bliana. Ceapadh Kate Feely, Rosaleen Glackin, David Martin agus Noel McPartland mar chomhaltaí Boird in Eanáir 2006 ar feadh tréimhse trí bliana. Cheap an tAire Ó Cuív Marian Hackett i nDeireadh Fómhair 2006 ar feadh tréimhse 3 bliana.

Liosta Comhaltaí Boird
Michael Morley - Cathaoirleach
Kate Feely
Rosaleen Glackin
Marian Hackett (ó Dheireadh Fómhair 2006)
Áine Hyland
David Martin
Noel McPartland
Dónal Ó Síocháin (d'imigh a théarma in éag i mí an Mheithimh 2006)
Gerry Ryan (d'imigh a théarma in éag i mí an Mheithimh 2006)
Séamus Thompson
Enda Twomey
Frank Ward

Taifead Tinrimh ag Cruinnithe an Bhoird 2006:

Tionóladh 10 gcruinniú Boird sa bhliain 2006. Seo thíos taifead tinrimh chomhaltaí an Bhoird:

	Líon na gcruinnithe a ndearnadh freastal orthu (An líon a rabhthas i dteideal freastal orthu idir lúibíní)
Michael Morley	10 (10)
Kate Feely	9 (10)
Rosaleen Glackin	6 (10)
Marian Hackett	2 (2)
Áine Hyland	7 (10)
David Martin	7 (10)
Noel McPartland	5 (10)
Dónal Ó Síocháin	6 (10)
Gerry Ryan	4 (5)
Séamus Thompson	2 (5)
Enda Twomey	9 (10)
Frank Ward	7 (10)

Ní raibh córam i gceann amháin de na cruinnithe. Tionóladh an cruinniú sin ar an 31ú Lúnasa 2006. Phléigh na Comhaltaí a bhí i láthair an pointe faoi gan córam a bheith ann arna shainmhíniú sa reachtaíocht. Aontaíodh, áfach, gur cheart dul ar aghaidh leis an gcruinniú agus daingníodh na cinntí a glacadh ag an gcruinniú ag an gcéad chruinniú iomlán eile de chuid an Bhoird ina raibh córam.

Comhdhéanamh an Choiste Iniúchta agus Taifead Tinrimh ag Cruinnithe sa bhliain 2006:

Cuireann an Coiste Iniúchta athbhreithniú neamhspleách agus feidhm chomhairleach ar fáil i gcomhar leis an mBord i ndáil le leorgacht agus éifeachtacht na rialuithe agus na gcóras agus lena n-oibríocht. Tionóladh an Coiste seo faoi dhó sa bhliain 2006.

	Líon na gcruinnithe a ndearnadh freastal orthu (An líon a rabhthas i dteideal freastal orthu idir lúibíní)
An tUasal David Martin (Cathaoirleach)	2(2)
An tUasal Dónal Ó Síocháin	1(2)
An tUasal Séamus Thompson	0(0)
An tUasal Frank Ward	1(2)

Aguisín C:

Liosta de Sholáthraithe Seirbhíse sa bhliain 2006

Aistriú/Tarmligean ó Bhord Eisíocaíochta na gCuntas Díomhaoin chuig an Bord Um Chuntais Dhíomhaoine
Forálann Alt 14 den Acht um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2005 go gcaomhnófar conarthaí a rinneadh idir an t-iarBhord (Bord Eisíocaíochta na gCuntas Díomhaoin) agus grúpaí/eagraíochtaí/cuideachtaí. Chuige sin thug an Bord faoi deara go raibh conradh ag na soláthraithe seirbhíse seo a leanas leis an mBord.

- **Comhairleoirí Dlí**

Cheap an t-iarBhord Kennedy McGonigle Ballagh Solicitors mar chomhairleoirí dlí agus fuair an Bord faomhadh ón Aire don cheapachán. Leanann Kennedy McGonigle Ballagh Solicitors ag obair faoi chonradh leis an mBord um Chuntais Dhíomhaoine.

- **Iniúchóirí Inmheánacha**

Cheadaigh an t-iarBhord ceapachán Deloitte and Touche, Cuntasóirí Cairte, tar éis próiseas tairisceana sa bhliain 2003 chun feidhm iniúchta inmheánaigh a sholáthar don Bhord agus fuarthas faomhadh ón Aire don cheapachán. Leanann Deloitte & Touche ag obair faoi chonradh leis an mBord um Chuntais Dhíomhaoine. Tá an conradh seo faoi réir ag athbhreithnithe bliantúla agus an rogha ann seirbhísí Deloitte and Touche a chur de láimh ach fógra míosa a thabhairt i scríbhinn.

- **Árachas**

Leanadh ag baint úsáide as seirbhísí Marsh Ireland Ltd. (bróicéirí árachais) chun bainistíocht a dhéanamh ar chúrsaí árachais an Bhoird. Leanadh ag baint úsáide as seirbhísí Marsh Ireland Ltd. tar éis próiseas tairisceana sa bhliain 2003. Fuarthas faomhadh ón Aire don cheapachán seo agus lean Marsh Ireland Teo. ag soláthar na seirbhíse seo don Bhord.

I dteannta na soláthraithe seirbhíse a luaitear thuas a raibh a seirbhísí in úsáid ag an iarBhord i dtús báire lean an Bord sa bhliain 2006 ag baint úsáide as na seirbhísí a chuireann na heagraíochtaí seo a leanas ar fáil:

- **Comhairleoir an Bhoird**

Cheadaigh an Bord i bhFeabhra na bliana 2006 ceapachán de dhuine/soláthraí ag a mbeadh na cáilíochtaí cuí chun seirbhís chomhairleach a sholáthar don Bhord chun cuidiú leis a fheidhmeanna reachtúla a chur i gcrích. Bronnadh an conradh chun na seirbhísí comhairleacha a sholáthar don Bhord ar David Lovegrove de chuid Lovegrove & Associates tar éis próiseas tairisceana. Fuarthas faomhadh ón Aire don cheapachán seo.

- **Céannacht an Bhoird**

Fostaíodh Comhairleoirí Red Dog Design sa bhliain 2006 chun lógó agus ceann litreach a shaincheapadh don Bhord.

- **Clódóireacht**

Sa bhliain 2006 d'fhostaigh an Bord Fodhla Printing chun Tuarascáil Bhliantúil Bhord Eisíocaíochta Chiste na gCuntas Díomhaoin a dhearadh agus a chur i gcló agus chun Plean Eisíocaíochta an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine a dhearadh agus a chur i gcló.

- **Fógraíocht**

I mí Lúnasa na bliana 2006 d'fhostaigh an Bord Brindley Advertising Limited chun fógra a chur i 4 nuachtán náisiúnta. Glaoch ar léiriú spéise ó chuideachtaí chun dul i mbun athbhreithnithe agus measúnaithe don Bhord um Chuntais Dhíomhaoine a bhí san fhógra sin.

Aguisín D:

Dearbhuithe an Chathaoirligh:

9. Dearbhaím gur cuireadh na nósanna imeachta cuí maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach agus soláthar i bhfeidhm. Tá Coiste Iniúchta, ar a bhfuil triúr Comhalta Boird, bunaithe ag an mBord agus tá Téarmaí Tagartha atá faofa ag an mBord, ag an gCoiste. Tionóltar an Coiste Iniúchta go rialta agus tá clár iniúchtaí glactha aige atá á fhorfheidhmiú ag na hiniúchóirí inmheánacha.

   Ceanglaím leis seo ráiteas (Aguisín E) de chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird san fhormáid atá leagtha amach in Aguisín E den Chód Cleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit.

10. Dearbhaím, le linn na tréimhse idir lámha sa tuarascáil seo, nár bhunaigh an Bord fochuideachtaí ná comhfhiontair ar bith nó nach bhfuair sé scaireanna ar bith nó nach ndeachaigh sé i mbun gníomhaíochtaí ar bith den sórt sin

11. Dearbhaím, le linn na tréimhse idir lámha sa tuarascáil seo, nach bhfuair an Bord sócmhainní ar bith de chineál tráchtála agus nár chuir an Bord sócmhainní ar bith de láimh.

12. Dearbhaím gur cloíodh leis an gCód Iompair Ghnó a d'fhorbair agus a ghlac an Bord.

13. Deimhním go bhfuil treoirlínte an Rialtais maidir le táillí a íoc le Comhaltaí Boird Stáit, á gcomhlíonadh. Chuige sin tá íocaíocht na dtáillí le Comhaltaí an Bhoird de réir an cheadaithe a bhí faighte ón Aire Airgeadais.

14. Deimhním, seachas an measúnú ar mholtaí Pobal maidir le ceaduithe atá tugtha cheana féin a leithdháileadh arís nó a chur as feidhm, nach ndeachaigh an Bord i mbun measúnú ná bainistíochta ar thograí caiteachais chaipitil ar bith le linn na tréimhse atá idir lámha sa tuarascáil seo dá chuid féin.

15. Deimhním gur chomhlíon an Bord a dhualgais faoi na dlíthe cánach.

16. Deimhním go bhfuil an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit glactha ag an mBord agus go bhfuiltear á chomhlíonadh go hiomlán de réir mar is cuí i gcás Bord Stáit neamhthráchtála.

_____
Michael Morley
Cathaoirleach
29 Meitheamh 2007

Aguisín E:

Ráiteas an Chathaoirligh maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Is é/í Cathaoirleach an Bhoird um Chuntais Dhíomhaoine atá freagrach as a chinntiú go bhfeidhmíonn córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Bhoird de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde. Bunaíodh Coiste Iniúchta, ar a bhfuil triúr comhalta den Bhord, agus tá sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhm iniúchta inmheánaigh an Bhoird. Tá feidhmeanna, dualgais agus téarmaí tagartha an Choiste Iniúchta faofa ag an mBord.

Níl na hacmhainní riaracháin ag an mBord é féin chun an fheidhm iniúchta inmheánaigh a fheidhmiú agus dá bhrí sin ghlac sé saineolas seachtrach chun tabhairt faoin ról sin ar a shon. Ceapadh Deloitte & Touche mar iniúchóirí inmheánacha don iarBhord agus lean an Bord reatha air ag úsáid a gcuid seirbhísí. Tuairiscíonn na hiniúchóirí inmheánacha, trí bhíthin Chathaoirleach an Choiste sin, go díreach chuig an gCoiste Iniúchta.

Tá Plean Straitéiseach Iniúchta Inmheánaigh ullmhaithe ag Deloitte agus sonraítear ann an ghníomhaíocht iniúchta atá beartaithe a ghlacadh. Rinne an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar an bplean seo agus d'fhaomh siad é. Lean Deloitte le linn 2006 ag cur an phlean seo i bhfeidhm. Ós rud é go bhfuil laghdú tagtha ar fhreagrachtaí an Bhoird tá réim an chláir iniúchta laghdaithe, áfach.
Nuair a bhíonn na hiniúchóirí inmheánacha i mbun oibre tástáiltear réimsí sonracha atá clúdaithe faoi chairt an Choiste Iniúchta chun a chinntiú go mbíonn an Bord ag comhlíonadh na gceanglas go léir. Tá athbhreithniú déanta ag na hiniúchóirí inmheánacha chomh maith ar na córais atá i bhfeidhm in Pobal i ndáil lena ról chun an clár maoinithe a riar.

Is beag an baol go ndéanfaí drochbhainistíocht ar chúrsaí airgeadais ó tharla an sainordú atá ag an mBord, mar atá leagtha amach sa reachtaíocht, a bhaineann le polasaithe a leagan amach agus monatóireacht a dhéanamh ar pholasaithe agus gan feidhmeanna feidhmiúcháin ar bith a bheith i gceist. Tá nósanna imeachta soláthair na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta glactha ag an mBord. Ina theannta sin is í Rannóg Cuntasaíochta na Roinne a phróiseálann na híocaíochtaí go léir a bhaineann le gníomhaíochtaí an Bhoird agus ní mór dóibh cloí leis na nósanna imeachta go léir a bhaineann leis an Roinn.

Thuairiscigh an Coiste Iniúchta, le linn na bliana 2006, chuig an mBord go rialta i ndáil le gníomhaíocht leanúnach iniúchta. Tá an Cathaoirleach agus an Bord dóchasach, cé nach féidir ráthaíocht chinnte a thabhairt i gcoinne earráid ábhartha, go bhfuil na córais atá curtha i bhfeidhm téagartha agus go gcinnteoidh siad go gcaithfear an t-airgead a eisíoctar as an gCiste de réir na sainchoinníollacha a bhaineann le gach eisíocaíocht.